**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 7 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**2025/0289(COD)** **PE-CONS 53/25**

**COH 205**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoin gCúlchiste Coigeartaithe Brexit |

**RIALACHÁN (AE) 2026/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755**
**a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit**
**faoin gCúlchiste Coigeartaithe Brexit**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] Tuairim an 23 Deireadh Fómhair 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an … .

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó glacadh Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], tharla imeachtaí geopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, an ghéarchéim fuinnimh ina dhiaidh sin agus an méadú tobann gaolmhar ar bhoilsciú agus ar rátaí úis. Leis na forbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha sin, tá éigeandálaí nua ann ar cheart aghaidh a thabhairt orthu chun tosaíochtaí agus riachtanais chomhroinnte an Aontais a bhaint amach. Agus na solúbthachtaí buiséadacha teoranta agus na teorainneacha a baineadh amach le féidearthachtaí athshannta á gcur san áireamh, níor mhór an creat airgeadais ilbhliantúil a bunaíodh le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[4] ón gComhairle a threisiú do na blianta 2024 go 2027 chun foráil a dhéanamh maidir leis an gcistiú is mó a bhfuil gá leis go bunúsach chun freagairt do dhúshláin phráinneacha choiteanna.

(2) I bhfianaise an mhéid sin, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[5], lenar leasaíodh Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 tríd an uasmhéid a leagtar síos sa Rialachán sin le haghaidh an Chúlchiste Coigeartaithe Brexit ('an Cúlchiste') a laghdú, rud a fhágann gur féidir acmhainní a athshannadh chun críoch eile.

---

3 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

4 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

5 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

(3) Dá bhrí sin, ba cheart acmhainní uasta an Chúlchiste dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1755 a laghdú. Chun úsáid éifeachtach na n-acmhainní a íocadh cheana leis na Ballstáit ón gCúlchiste a áirithiú agus ionas nach gcuirfear cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] i mbaol sna Ballstáit, níor cheart go ndéanfadh an laghdú ar acmhainní uasta an Chúlchiste difear do na hacmhainní a íocadh cheana leis na Ballstáit mar réamh-mhaoiniú ná do na hacmhainní a d'iarr na Ballstáit a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

(4) Níor cheart, dá bhrí sin, an méid EUR 584 264 090 a bheadh le híoc in 2025 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1755 sin a íoc, agus ba cheart an méid sin a bhaint d'imchlúdach foriomlán an Chúlchiste.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1755 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

6 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 4(3) mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) cuirfear aon mhéid a bheidh fágtha arna leithdháileadh go sealadach ar fáil in 2025 i gcomhréir le hAirteagal 12.’;

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, maidir leis na méideanna nach n-aistrítear chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* i gcomhréir le hAirteagal 4a a bheadh le híoc ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 12(3), ní íocfar iad agus bainfear iad den mhéid dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

---

* Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).’;

(2) in Airteagal 4a(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Faoin 1 Márta 2023, féadfaidh na Ballstáit iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun méideanna uile an leithdháilte shealadaigh a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 4(5).’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*